



oall

in nomine domini Amen. Hanc litteram scripsit...

Main body of the document containing dense handwritten text in an old script, likely Gaelic or Irish.



An 8ú Tuarascáil ón gComhairle um an gCartlann Náisiúnta

1999

This Indenture

July 21st 1872
Seventy two **Between** the Right Honourable the Lord
one part, and John Delahunt of the City of Dublin
the said Richard Lord Viscount Fitzwilliam for
Conditions and agreements hereinafter mentioned
Delahunt his Executors Admors and Assigns to be taken
Demised leased let and to farm let and by these
Farm let unto the said John Delahunt **All** that
Tenement and Coach house and other Houses and
and being on the North side of the Great Road
to Wicklow in the Suburbs of the City of Dublin and
or Occupations of the said Premises
Delahunt the said John Delahunt
South Seven
feet or thereabouts
and Contain
More or less
Murphy's he
by the Great
in a Map or
and Appurtenances to the said Lot of Ground and premises



An 8ú Tuarascáil ón gComhairle um an gCartlann Náisiúnta

1999

© Rialtas na hÉireann 2000

ISSN:

0791-4601

Pn 8770

Arna chur faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán agus arna leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas de réir alt 21 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.

Arna fhoilsiú ag:

An Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta

Tá cóipeanna ar fáil ó:

An Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta,

É/c An Chartlann Náisiúnta,

Sráid an Easpaig, Baile Átha Cliath 8, Éire.

Teil: + 353-1-4072 300

Facs: + 353-1-4072 333

Ríomhphost: mail@nationalarchives.ie

Tá téacs na tuarascála seo ar fáil ar láthair líonra na Cartlainne Náisiúnta freisin:

<http://www.nationalarchives.ie>

Arna dheanadh ag:

Ger Garland

Arna chlóbhualadh ag:

Nicholson & Bass



thuas

99/28: *Fear nach n-aimnítear agus "Fluff", 1911.*

an leathanach thall

99/28: *Cuan Bhaile na Cúirte, Co. Loch Garman, 1898.*

leathanach 2-3

97/46/2/399: *Léas ar feadh 21 bliain do John Delahunty as maoin ar an taobh ó thuaidh de Bhóthar Dhomhnach Broc, Baile Átha Cliath, maille le léarscáil, 22 Iúil 1772.*

leathanach 2

99/28: *Idonea Mary Mina Thomas, grianghrafadóir, 1907.*

leathanach 3

99/28: *Bainis Amy Duckett agus Major Philpotts, Russelstown House, Co. Cheatharlach, ca. 1910.*

clúdach tosaigh agus leathanach teidil

99/56/10/2: *Gníomhas críochdheighilte ón Committee of the Adventurers for Land in Ireland d'fhonn easaontais idir Eachtránaithe a shearann ar Bharántacht Uí Caithrinn, Co. Thiobraid Árann, a réiteach, 6 Márta 1655.*

Litir chuig an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán	6
1. An Chartlann Náisiúnta	7
2. An Chomhairle um an gChartlann Náisiúnta	8
3. Comhaltas agus Rúnaí	9
4. Gníomhaíochtaí	10
5. Láithreán Shráid an Easpaig	13
6. Leibhéal Foirne	14
7. Seirbhísí do léitheoirí agus cianseirbhísí	15
8. Ábhair chartlainne rialtais áitiúil	16
9. Taifid Roinne a aistriú	17
10. Aistriú taifead agus réamhthaispeáint do na meáin	18
11. Taifid de chuid comhlachtaí stát-tionscanta	19
Innéacs	20



Sile de Valera T.D.
Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán

A Aire, a chara,

De réir alt 21 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, cuirim chugat Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle um an gChartlann Náisiúnta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 1999.

De réir mar a bhí an fichiú haois ag teacht chun deiridh d'fhéach an Chomhairle siar ar an obair a rinne Comhairlí roimhe sin agus ar an obair a bhí déanta acu féin i dtaca le forbairt a dhéanamh ar an eolas atá ann sa tsochaí i dtaobh caomhnú a dhéanamh ar ábhair chartlainne. I dtaca leis an ábhar inní a léirigh comhaltaí na Comhairle agus a léirigh na daoine sin atá freagrach as aire a thabhairt don Chartlann Mhíleata, bhí freagra le fáil uaitse, a Aire, sa mhéid gur léirigh tú spéis i dtodhchaí na hinsti-tiúide sin agus ina ról maidir le baile sábháilte a chur ar fáil do thaifid an Bhiúró Staire Míleata atá le scaoileadh sa bhliain 2000.

Tugann an Chomhairle dá haire freisin ina Tuarascáil go bhfuil práinn ag baint leis an ngá le caomhnú a dhéanamh ar thaifid comhlachtaí stát-tionscanta ag feachaint don ráta tapa athraithe san earnáil stáit. Go dtí cibé uair a fhéadfar forálacha an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, a leathnú chuig an earnáil stát-tionscanta, molann an Chomhairle go gcuirfear clásal isteach i ngach bille príobháidithe ar clásal é lena gceanglófar go mbeidh córas dóthanach cartlannaíochta i bhfeidhm sa chomhlacht lena mbaineann.

Luann an Chomhairle athuair gurb é a thuairim nach féidir mórán a dhéanamh faoi uaireanta oscailte a fhadú agus faoi athruithe inmhianaithe a thabhairt isteach go dtí go mbeidh méadú suntasach ar an leibhéal foirne sa Chartlann Náisiúnta. Is mian linn buíochas a ghabháil le foireann na Cartlainne Náisiúnta as a gcúirtéis agus as a gcúnamh gach tráth.


Molaimid ár rúnaí, an tUas. Joe Meleady, agus foireann do Roinne féin, a Aire, as an gcomhairle agus as an tacaíocht chúntach a thug siad don Chomhairle nuair a iarradh a leithéid.

Is mise,

Margaret MacCurtain
Cathaoirleach
Deireadh Fómhair 2000

1. An Chartlann Náisiúnta

- 1.1 Is í an Chartlann Náisiúnta an taisclann is mó le haghaidh ábhar cartlainne dá bhfuil ann sa Stát. Go dtí gur bunaíodh í sa bhliain 1988, ba iad Oifig na dTaiscead Poiblí in Éirinn, a bunaíodh sa bhliain 1867, agus Oifig na Stát-Pháipéar, a bunaíodh sa bhliain 1702, a bhí i mbun taifid phoiblí a fháil agus a chaomhnú. Cuireadh an dá oifig sin le chéile sa Chartlann Náisiúnta is é sin le rá institiúid nua a bhfuil tábhacht náisiúnta aici. Chomh maith le freagracht a ghlacadh chuici féin as na bailiúcháin de thaifid phoiblí agus de thaifid phríobháideacha a bhí i seilbh na n-oifigí sin an tráth sin, leagadh freagrachtaí breise ar an gCartlann Náisiúnta mar bhrainse den Rialtas.
- 1.2 Faoi théarmaí na reachtaíochta cumasaithe (an tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986), baineann príomhfheagracht na Cartlainne Náisiúnta le taifid Roinne. Ní mór iad sin a chaomhnú mura n-údaráíonn an Chartlann Náisiúnta iad a dhíothú. Faoi réir srianta riachtanacha áirithe, ní mór iad a aistriú tar éis tríocha bliain chuig an gCartlann Náisiúnta lena gcur ar fáil lena n-íniúchadh ag an bpobal i gcoitinne.
- 1.3 Cuireann sealúcháis na Cartlainne Náisiúnta an t-ábhar riachtanach ar fáil do scoláirí chun staidéar a dhéanamh ar éabhlóid stairiúil na hÉireann sa nua-aois. Baineann daoine de bhunadh na hÉireann a thagann ón gcoigrích leas as acmhainní na Cartlainne chun a stair féin a rianú agus bíonn daltaí scoile in ann tuiscint a fháil ar ghnéithe dá n-oidhreacht trí scrúdú rognach a dhéanamh ar na taifid chúí. Tá réimse mearmhéadaitheach an taighde ar staidéir áitiúla ag brath go mór ar an éagsúlacht acmhainní faoi gach cuid d'oileán na hÉireann atá ar fáil sna bailiúcháin.



97/46/2/353; Léas do Thomas Connolly agus do dhaoine eile as cuid de Baggotath, Baile Átha Cliath, maille le léarscáil den Bhalla Theas agus Trá, 5 Márta 1860.

2. An Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta

- 2.1 Bunáíodh an Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus ceapadh a comhaltai i mí Eanáir 1987. Nuair a bunaíodh i gcéaduaire í ba é ról na Comhairle ná comhairle a thabhairt don Taoiseach i bhfeidhmiú a chumhachtaí faoin Acht agus i dtaobh gach ní a bhaineann le hábhair chartlainne a thagann faoi réim an Achta agus i dtaobh úsáid na n-ábhar sin ag an bpobal.
- 2.2 I mí Eanáir 1993 aistríodh freagracht as an gCartlann Náisiúnta chuig an Aire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta ar teideal é sin a athraíodh chuig an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán sa bhliain 1997.
- 2.3 Is é príomhfheidhm na Comhairle anois faoin Acht um Chartlann Náisiúnta ná comhairle a thabhairt don Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán. Ina theannta sin, faoi alt 65(6) den Acht Rialtais Áitiúil, 1994, féadfaidh an Chomhairle comhairle a thabhairt don Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil i dtaobh aon nithe a bhaineann le hábhair chartlainne údarais áitiúil. Mar a chéile, faoi alt 92 den Acht Cuanta, 1996, féadfaidh an Chomhairle comhairle a thabhairt d'Aire na Mara agus Acmhainní Nádirtha i dtaobh na n-ábhar cartlainne atá ag cuideachtaí cuain agus ag údarais chuain.
- 2.4 Maidir le ról na Comhairle i dtaca le comhairle a thabhairt don Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán de réir scóip Acht 1986, baineann sé go háirithe le taifid Roinne agus le húsáid na dtaifead sin ag an bpobal. Féadfaidh an tAire aon nithe a bhaineann le hoibriú na Cartlainne Náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle lena comhairle a fháil orthu. Thig leis an gComhairle comhairle a thabhairt don Aire as a stuaim féin i dtaobh nithe den sórt sin.
- 2.5 Ní mór toiliú na Comhairle a fháil sula dtig le Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta a chumhachtaí a fheidhmiú faoi alt 4 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, i dtaca le hábhair chartlainne a thabhairt ar iasacht d'institiúid eile agus ní mór comhthoiliú na Comhairle a fháil sula bhfeidhmíonn an Stiúrthóir a chumhachtaí faoi alt 9 den Acht i dtaca le hábhair chartlainne a dhiúscairt..



99/56/10/15: Scair-dheimhniú i Portunna Bridge, [Co. na Gaillimhe], Joshua Wray Atkinson, 23 Meán Fómhair 1795.

3. Comhaltas agus Rúnaí

Cathaoirleach agus aon chomhalta déag eile ar a mhéad atá ar an gComhairle.
Ceapadh an Chomhairle reatha ar an 20 Bealtaine 1997 ar feadh téarma cúig bliana.

Margaret MacCurtain, M.A., Ph.D., F.R.H.S.

Cathaoirleach. Staráí; Comhalta Sinsearach, Dámh na nDán, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Niall Bradley, B.A.

Bainisteoir Contae Chill Dara.

Mary E. Daly, M.A., D.Phil., M.R.I.A.

Ollamh Comhlachaithe le Nua-Stair na hÉireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; comhalta de Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann; comhalta de Bhord Cuairteoirí Ard-Mhúsaem na hÉireann.

John Horgan, Ph.D.

Ollamh le hfriseoireacht, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; údar.

Liam Irwin. M.A., H. Dip. Ed.

Ceann na Roinne Staire, Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh.

Charles Lysaght, M.A., M.Litt., B.L.

Dlíodóir acadúil agus scríbhneoir.

Patricia McCarthy, B.A., D.A.A.

Cartlannaí, Institiúid Airciveanna Chorcaí; comhalta de Chumann na gCartlannaithe.

Susan Parkes, M.A., M.Litt., F.T.C.D.

Léachtóir Sinsearach in Oideachas, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; staráí oideachais.

Peter Rigney

Oifigeach Tionscail, Comhar Ceadchumann na hÉireann; staráí saothair.

David Sheehy, B.A., D.A.A.

Cartlannaí, Cartlann Dheoise Bhaile Átha Cliath; comhalta de Chumann na gCartlannaithe.

Anngret Simms, Ph.D., M.R.I.A.

Ollamh Comhlachaithe le Tíreolaíocht, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; comhalta de Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann.

John Wilson, M.A., H. Dip. Ed.

IarThánaiste agus iarAire.

Rúnaí na Comhairle


Joseph Meleady, An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán.*

***William Maher**, An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán,
Rúnaí Gníomhach, Iúil - Nollaig 1999.

4. Gníomhaíochtaí

4.1 Tháinig an Chomhairle le céile le haghaidh cruinnithe foirmiúla gnó sé huaire i rith na bliana 1999:

29 Eanáir	73 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath
24 Márta	73 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath
12 Bealtaine	An Chartlann Mhíleata, Dún Chathail Bhrugha
23 Meitheamh	73 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath
22 Meán Fómhair	73 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath
3 Samhain	73 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath




Tá an Chartlann Mhíleata, a bunaíodh sa bhliain 1982, suite i nDún Chathail Bhrugha, Baile Átha Cliath 6. Nuair a bunaíodh an Chartlann Náisiúnta, cheadaigh an Taoiseach, faoi alt 14 den Acht, an Chartlann Mhíleata mar ionad taiscthe do tháifid na Roinne Cosanta agus na bhFórsaí Cosanta. Ina theannta sin, tá roinnt bailiúcháin príobháideach á gcoimeád ag an gChartlann Mhíleata ar bailiúcháin iad a bhronn daoine aonair agus eagraíochtaí. Dá bhrí sin, is í an Chartlann Mhíleata coimeádaí an chuid is mó de na taifid a bhaineann le stair mhíleata an Stáit ó 1922 i leith.

Ag féachaint dá ról comhairleach, agus i gcomhthéacs fhoilsiú Plean Straitéisigh do thodhchaí na Cartlainne Míleata, thug an Chomhairle cuairt uirthi ar an 12 Bealtaine 1999. D'fháiltigh an bheirt chartlannaí ghairmiúla a bhí i gceannas an tráth sin, is iad sin an Stiúrthóir, an Ceanntóir Peter Young, agus an Leas-Stiúrthóir, an Ceanntóir Victor Laing, roimh chomhaltaí na Comhairle agus thug siad ar thuras treoraithe iad. (Ba chúis mhór bróin don Chomhairle bás tobann anabái Peter Young níos déanaí sa bhliain. Ba dhuine an-tábhachtach an Ceanntóir Young i dtaca le bunú na Cartlainne Míleata mar thaisclann chartlannaíochta do tháifid na bhFórsaí Cosanta agus ba é a chinntigh go sábháilfaí cuid mhór bailiúcháin oifigiúil agus bailiúcháin príobháideach do na glúnta atá le teacht.)

De thoradh na cuairte sin, tuigeann an Chomhairle gurb é an easpa cóiríochta oiriúnaí ag Dún Chathail Bhrugha an fhadhb is mó atá le sárú ag an gChartlann Mhíleata. Éireoidh an fhadhb seo níos measa nuair a scaoiltear taifid an Bhiúró Staire Míleata chuig an bpobal mar a bheartaítear a dhéanamh sa bhliain 2000.

Is é moladh láidir na Chomhairle ná go soláthrófar foirgneamh nua sainchuspóra, ag Dún Uí Choileáin, b'fhéidir, chun na taifid thábhachtacha seo a stóráil agus go mbeidh cóiríocht oiriúnach ann d'fhoireann riaracháin. Beidh an cheist seo le réiteach trí chomhaontú idir an tAire Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán agus an tAire Cosanta, tar éis comhairle a ghlacadh leis an Aire Airgeadais. Molann an Chomhairle go gcuirfead an próiseas sin i gcrích go tapa.



97/46/2/393: Léas ar feadh 31 bhliain do Michael Donnelly as "a new built House in said Irishtown bearing the Sign of the Fitzwilliam's Arms", Baile Átha Cliath, maille le léarscáil, 23 Nollaig 1761.
an leathanach thall
99/10/2/16 i: Léas chun "a parochial poor school" a thógáil, cathair Chill Chainnigh, 1829.

4.3 Cartlannaithe cáilithe a bheith ar fáil

Is mian leis an gComhairle béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil líon dóthanach cartlannaithe oílte ar fáil gach bliain chun na folúntais a thagann chun cinn a líonadh. Is ábhar tábhachtach é seo i láthair na huaire ach go háirithe mar gheall an an líon méadaitheach post nua atá á gcruthú ag údarais áitiúla.

Chomh maith lena chinntiú go bhfuil cóimheas ceart ann idir soláthar agus éileamh, leagann an Chomhairle béim ar an ngá le saoráidí a chur ar fáil d'fhorbairt ghairmiúil agus saoráidí a chur ar fáil a chumasóidh do chartlannaithe cáilíochtaí breise a fháil. Meastar gurb inmhianaithe, ach go háirithe, clár céime Máistreachta a bheith ar fáil.

Molann an Chomhairle don Aire tacaíocht a lorg ó na gníomhaireachtaí cuí maoinithe chun a chumasú do na hollscoileanna cláir den sórt sin a sholáthar.

4.4 Scéim Díolúine d'Ealaíontóirí

Tá cumhacht ag na Coimisinéirí Ioncaim, faoin Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, díolúintí a dheonú ó cháin ioncaim i leith saothair bhunaidh chruthaithe a bhfuil fiúntas cultúrtha nó ealaíne ag baint leis. Tá an Chomhairle ar liosta comhlachtaí liostaithe ar féidir leis na Coimisinéirí comhairle a ghlacadh leo le linn cinní a dhéanamh maidir le foilseacháin atá bunaithe ar thaighde inar úsáideadh ábhair chartlainne a bhaineann le hÉirinn agus atá os cionn tríocha blian d'aois. Rinne na Coimisinéirí Ioncaim teagmháil leis an gCathaoirleach i rith na bliana chun comhairle a fháil faoi chás áirithe agus léirigh an Chomhairle ábhar inní faoin gceist seo ar fad. Aontaíodh go lorgófaí soiléiriú faoi inniúlacht na Comhairle chun comhairle den sórt sin a thabhairt, ag féachaint dá feidhmeanna reachtúla faoin Acht um Chartlann Náisiúnta. Molann an Chomhairle gur ceart don Roinn tuairim an Ard-Aighne a fháil faoin ábhar seo.

4.5 Cruinniú leis an Aire

Chuaigh tosaíocht ón gComhairle, faoi cheannas an Chathaoirleach, ar cuairt chuig Síle de Valera, T.D., Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, i dTeach Laighean ar an 25 Samhain 1999. Le linn an chruinnithe sin, ardaíodh réimse leathan ceisteanna a bhí ina n-ábhair inní don Chomhairle. Luaigh an tUas. John Wilson roinnt nithe ginearálta a bhaineann leis an gCartlann Náisiúnta lena n-áirítear an tionscadal foirgníochta ag Sráid an Easpaig, thug an tUas. David Sheehy léiriú ar chúrsaí foirne, dhéileáil an tOllamh John Horgan le nithe a bhaineann le taifid de chuid comhlachtaí stát-tionscanta atá le príobháidiú agus d'ardaigh an tOllamh Anngret Simms an cheist maidir le huairé oscailte fadaithe ag Sráid an Easpaig.




97/46/2/418: Léas ar feadh 99 mbliana do James Doyle agus Peter Roe as "a piece of Ground on which stands the Old Watch House" agus talann eile i Rinn na Séad, Baile Átha Cliath, maille le léarscáil, 8 Iúil 1782.

an leathanach thall

99/56/10/24/1: Plean de Ballymurray, maoin de chuid William Trench, i bParóiste Coíry, Baríontacht Chluain Lonáin, Co. na hIarnáí; Peter Blake, Suirbhéir Eastát, a rinne an tsuirbhéireacht agus an liníocht, Deireadh Fómhair 1832.

5. Láithreán Shráid an Easpaig

- 5.1 Rinne an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, Síle de Valera, T.D., ceadú an Rialtais i leith oiriúnú agus mhéadú áitreabh Shráid an Easpaig a fhógairt i mí na Nollag 1997 agus samhlaíodh go gcuirfí an tionscadal i gcrích faoi Aibreán 2001.
- 5.2 Ina tuarascáil don bhliain 1998, léirigh an Chomhairle a hábhar inní i dtaca leis an mainneachtain tús a chur leis an gclár foirgníochta (féach an 7ú Tuarascáil 1998 roinn 5.5).
- 5.3 Moladh, i staidéar feidearthachta ó na hailtirí sainchomhairliúcháin a ceapadh i Márta 1999, go mbainfí an leas is mó as an láithreán ar fad. Mhol siad go dtógfaí foirgneamh nua sainchuspóra d'ábhair chartlainne chun ionad an Stórais atá ann faoi láthair a ghlacadh. Ligfeadh sé sin d'Oifig na nOibreacha Poiblí an láithreán a úsáid sa tslí is eacnamúla tríd an mBloc Tosaigh láithreach a chur ar fáil le haghaidh úsáidí eile.
- 5.4 Measann an Chomhairle go bhfuil tuilleánais ag baint leis an rogha maidir saothrú iomlán agus tacaíonn sí leis an moladh go gcuirfí foirgneamh saindeartha a fáil ar an láithreán don Chartlann Náisiúnta.
- 5.5 Ceapann an Chomhairle nach ceart fad eile a chur leis an moill mhór atá tar éis tarlú cheana i dtaca leis an ábhar seo. Molann an Chomhairle go láidir go ndéanfar cinneadh críochnaitheach a luaithe is féidir faoi úsáid láithreán Shráid an Easpaig agus go gcuirfear tús, gan tuilleadh moille, leis an obair ar sholáthar foirgnimh den chaighdeán is airde don Chartlann Náisiúnta.



6. Leibhéal Foirne

- 6.1 — Is cúis aiféala don Chomhairle a thabhairt dá haire nár cuireadh feabhas fós ar leibhéal foirne agus measann sí gurb é an leibhéal íscal neamh-inghlactha atá ann an bac is mó atá ar an gCartlann Náisiúnta i dtaca lena ról a chomhlíonadh.
- 6.2 — Luann an Chomhairle a hiarraidh athair ar mhéadú suntasach ar leibhéal foirne; is iarraidh í sin a rinneadh i dtuarascálacha roimhe seo agus le linn an chruinnithe leis an Aire. Tá géarghá le tuilleadh pearsanra riaracháin agus, ach go háirithe, le hArd-Oifigeach Feidhmiúcháin agus ceathrar Oifigeach Cléireachais a cheapadh gan mhoill. Is poist thábhachtacha iad post Stiúrthóra Chúnta, post breise mar Chartlannaí Sínearach agus poist thábhachtacha mar Bhainisteoir Eolais Teicneolaíochta agus mar Chaomhnóir agus ní mór iad a líonadh. Ní cleachtas sásúil é an cleachtas atá ann i dtaca le cartlannaithe sealadacha a fhostú ar chonradh seasta agus is é an gnáth-nós is ceart a bheith ann ná ceapacháin bhuana a dhéanamh.




99/56/10/23/2: *Plean de chuid de mhaoin William Trench i mBarántacht Chill Chonaill, Co. na Gaillimhe; Peter Blake, Suirbhéir Eastát, a rinne an tsuirbhéireacht agus an liníocht, Línasa 1832.*

an leathanach thall

99/56/10/23/3: *Plean de chuid de mhaoin William Trench i mBarántacht Chill Chonaill, Co. na Gaillimhe; Peter Blake, Suirbhéir Eastát, a rinne an tsuirbhéireacht agus an liníocht, Meán Fómhair 1832.*

7. Seirbhísí do léitheoirí agus cianseirbhísí

- 7.1 Tá súil ag an gComhairle go bhféadfar dul chun cinn a dhéanamh i dtaca leis na cuspóirí sa *Phlean Straitéiseach, 1996-2001* a bhaineann le seirbhísí do léitheoirí agus cianseirbhísí a sholáthraíonn an Chartann Náisiúnta. Is mian leis an gComhairle, ach go háirithe, go mbeadh uaireanta oscailte níos faide ann sa seomra léitheoireachta mar áis don líon méadaithe daoine ar spéis leo taighde a dhéanamh agus dóibh sin a gcoisceann a slithe beatha lánaimseartha orthu an tsaoirid a úsáid faoi láthair.
- 7.2 Tá polasaí na Cartlainne Náisiúnta i leith taispeántas ina ghné thábhachtach den chianseirbhís. Déanann an Chomhairle comhghairdeas leis an gCartlann Náisiúnta, agus go háirithe le Catriona Crowe, cartlainní, as an taispeántas doiciméad a seoladh chun comóradh a dhéanamh ar chothrom céad bliain athchóiriú an chórais rialtais áitiúil in Éirinn.



8. Ábhair chartlainne rialtais áitiúil

- 8.1 Sheol an Chomhairle seimineár lae dar teideal *Local Government Archives in an Information Age* i gCorcaigh ar an 19 Samhain 1999. Bhí os cionn 50 duine i láthair ó údaráis áitiúla, ó leabharlanna agus ó chartlanna ar fud na tíre.
- 8.2 Bhí trí sheisiún ann sa seimineár agus pléadh tithíocht, bainistíocht agus úsáid ábhar cartlainne lena linn. Labhair an Dr David Robinson faoin Surrey History Centre, thug an tUas. Mervyn Taylor, Exselan Computer Systems, páipéar faoi ríomh-rialtas agus an saoránach agus phléigh an Dr Trevor Parkhill, Ulster Museum, an cónasc idir ábhair chartlainne, cartlannaithe agus taighdeoirí.
- 8.3 Chuir an seimineár deis ar fáil don Chomhairle teagmháil a dhéanamh le cruthaitheoirí, le húsáidirí agus le bainisteoirí cartlann údaráis áitiúil ar fud na tíre. I gcás chomhaltaí údaráis áitiúil agus na ndaoine d'fhoireann údaráis áitiúil a bhí i láthair, bhí fóram acu chun breithniú a dhéanamh i dtaobh conas is féidir a n-oibleagáidí faoin Acht Rialtais Áitiúil, 1994, a chomhlíonadh ar shlí ina gcuirtear seirbhísí feabhsaithe ar fáil don phobal.

Misc.
F. 2

ROINN AN TAOISIGH

Uimhir 3.9361 L.....

Taoiseach (on return),

At the request of Mr. Edward McAteer, M.P., the Leader of the Nationalist Party in the Six Counties, I saw him here on Thursday afternoon last, the 2nd instant. He had earlier that day, again at his own request, been received by Mr. J. Brennan, the Minister for Social Welfare. Both requests came through the Private Secretary to the Secretary of the Department of External Affairs (our long-established contact with the Six-County Nationalists) without any precise indication of the subject matter to be discussed - although this was pretty obvious from the recent Press-cuttings in this folder, commencing with the report on the speech delivered by the former Taoiseach, Mr. Lemass, at the New Ireland Society of Queen's University, Belfast, on the 23rd ultimo.

Mr. McAteer said that the main purpose of his present contacts with us was - not to make any protests but - to express his concern at the widening gulf that seems to exist between the South and Nationalists in the Six Counties and to suggest some practical measures by which this situation could be remedied. He was not thinking in terms of the establishment of any formal machinery for this purpose but, rather, of informal contacts. He would be greatly disturbed if the members of the Government shared some of the views which Mr. Lemass is reported to have expressed in his recent speech.

The specific measures suggested by Mr. McAteer were:


- (1) conducted tours for members of Stormont (Unionists as well as Nationalists) of such places as Bord na Móna undertakings and the Shannon Industrial Estate;
- (2) occasional (but not very frequent) meetings between you and Mr. McAteer - in regard to which he suggested that you should have taken the initiative. On this latter point, I suggested - as a purely personal view - that, having regard to your respective positions, the initiative might more appropriately have come from him; he conceded that I might have a debating point there but still felt that the initiative should have come from you, "as the bigger man"; and
- (3) that Ministers visiting their opposite numbers in Belfast might, on occasion, make contact with Mr. McAteer and his colleagues.

Mr. McAteer said that the Nationalists feel that they are now nobody's children. They see Press reports of exchanges of visits by Ministers on both sides of the Border and Press speculation on the prospects of your meeting Captain T.O'Neill, the Six-County Prime Minister, but they see no reports of contacts between their Leaders and the Government here. On this I ventured to express the view that contacts between the Nationalists and ourselves - in so far as they are necessary at all - might be taken for granted and are hardly news, whereas contacts between us and the Unionists are, of their nature, very definitely news.

(6234)F27161, 5,000, 3-65, FP.-G28

9. Taifid Roinne a aistriú

- 9.1 Tá sonraí maidir le haistriú taifead Roinne chuig an gCartlann Náisiúnta sa bhliain 1999 le fáil i *dTuarascáil an Stiúrthóra don bhliain 1999*.
- 9.2 Tugann an Chomhairle dá haire aistriú na riaráistí seantaifead ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (a dtugtaí an Roinn Tionscail agus Tráchtála uirthi roimhe seo), ón Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, ó Oifig an Ard-Aighne agus ón nGúm (ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta).
- 9.3 Luann an Chomhairle athuair a hábhar inní i dtaca le mainneachtain roinnt Ranna taifid a aistriú mar a cheanglaítear agus, go háirithe, i dtaca le mainneachtain leanúnach Ranna áirithe na riaráistí réamh-1960 a ghlanadh.
- 9.4 Ba mhaith leis an gComhairle idirchaidreamh a dhéanamh leis na hOifigigh Dheimhniúcháin sna Ranna éagsúla is é sin le rá na hoifigigh atá freagrach as taifid chartlainne a aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta. Bhí fuinneamh ar leith ag baint le deimhniúchán nuair a tháinig an tAcht um Chartlann Náisiúnta i ngníomh i dtosach, ach is léir nach bhfuil ardtsaíocht á tabhairt do dheimhniúchán anois. Tá feabhas tagtha ar bhainistíú taifead reatha mar gheall ar fheidhmiú an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997, ach tá an staid i leith taifead a cruthaíodh roimh an Acht míshásúil i gcás roinnt Ranna. Is ábhar inní ar leith an staid i gcás thaifid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe. Ar chúiseanna lóistíochta, cinneadh na cruinnithe a beartaíodh a bheith ann le hOifigigh Dheimhniúcháin a chur siar go dtí tús na bliana 2000.



99/46/2: Litr chuig John Haughey, iarSháirsint, RIC, ón IRA á rá leis imeacht ón tír, 23 Meitheamh 1922. (Fuair sé bás bliain ina dhiaidh sin i Londain.)

an leathanach thall

99/1/76: Roinn an Taoisigh:
Meabhrán chuig an Taoiseach ó Rúnai an Rialtais maidir le cuairt ó Eddie McAteer, MP, 2 Samhain 1967.

10. Aistriú taifead agus réamhthaispeánt do na meáin

- 10.1 Le linn an réamhthaispeántais do na meáin i mí na Nollag tugadh faoi deara nach raibh codanna de chomhad ó Roinn an Taoisigh a bhain leis an mbliain 1967 agus a bhí le scaoileadh i mí Eanáir 2000 ar fáil. Léirigh an Cathaoirleach ábhar inni go poiblí agus i ag gníomhú de réir eolais a fuarthas ón Stiúrthóir á rá nár aistríodh an t-ábhar. Fuarthas amach ina dhiaidh sin go raibh sé i slánchoimeád ag an gCartlann Náisiúnta ón mbliain 1996 ach nár cuireadh é isteach leis an gcuid eile d'ábhar 1969 don réamhthaispeántas do na meáin.
- 10.2 Ar leith ón carráid dhaonna a bhí ann agus ón ngá le córas inmheánach athbhreithnithe laistigh den Chartlann Náisiúnta, ardaítear ceist níos leithne mar gheall ar an ábhar seo, is é sin le rá, an t-am a aistrítear taifid agus an réamhthaispeántas do na meáin. Ní mór deimhniúchán agus aistriú taifead ó na Ranna chuig an gCartlann Náisiúnta a chur i gcrích i bhfad roimh an sprioc-am ag deireadh na bliana le go bhféadtar seiceáil chuí agus catalógú a dhéanamh sula scaoiltear an t-ábhar don phobal.
- 10.3 Ina theannta sin, molann an Chomhairle go seolfar an réamhthaispeántas do na meáin go luath i mí na Nollag le go bhféadfár aon easnaimh a gheofaí a réiteach in am trátha agus fad atá an cosc ar fhoilsiú agus ar chraoladh i bhfeidhm fós.

MR. WHATELY ELLIS'
 * GRAND CONCERT, *
 NEW CLUB ROOM, CASTLEISLAND,
 On THURSDAY EVENING, 29th SEPTEMBER, 1892,
 AT EIGHT O'CLOCK.

PROGRAMME.

Part I.	Part II.
1. DUET (Piano)— "War March," (Mrs. Moriarty and Miss Moriarty.)	<i>Atollé.</i>
2. SONG— "Fiddle & I," (Miss Ebbot Moriarty.)	<i>Gooden.</i>
3. SONG— "Love's Golden Dream," (Miss M. Moriarty.)	<i>Leonor.</i>
4. SOLO (Violin)— "Trovatore," (Mrs. Maginn.)	
5. SONG— "Thoughts and Tears," (Mr. Whately Ellis.)	<i>Hope Temple.</i>
6. SONG— "Mona," (Miss Durkin.)	<i>Adams.</i>
7. SONG— "A Bonfire's Lido," (Mr. F. McCarthy.)	<i>Harper.</i>
8. SONG— "The Three Wishes," (Miss Emily Henderson.)	<i>Finest.</i>
9. DUET— "Maying," (Miss Ellis and Mr. W. Ellis.)	<i>Smith.</i>
10. SONG— (Captain Raymond.)	
11. SONG— "Lord Mayor Wittington," (Mrs. Maginn.)	<i>Backel.</i>
12. COMIC SONG— (Mr. Foley.)	
INTERVAL.	
	RESERVED SEATS, 1s, 2s, & 3s.

(Quinnell & Sons, Steam Printers, Tralee.)

99/54/2: Fógara i dtaobh ceolchoirme a bhí le bheith ann sa Chlubsheonra Nua, Oileán Ciarraí, Co. Chiarraí, 29 Meán Fómhair 1892.

an leathanach thall

99/3/307: An Roinn Gnóthaí Eachtacha: Tuairisc ó Sean Morrissey, Ambasadóir chun na hEilvéise, ar léacht faoi James Joyce le John Garvin i Zurich ar Bloomsday 1966, 17 Meitheamh 1966.

11. Taifid de chuid comhlachtaí stát-tionscanta

- 11.1 — Mar gheall ar an treocht i dtaca le príobháidíú san earnáil stát-tionscanta tá tábhacht mhór láithreach ag baint leis an ngá le polasaí cartlannaíochta do chomhlachtaí den sórt sin.
- 11.2 — Molann an Chomhairle go gcuirfead clásal isteach i ngach bille príobháidithe ar clásal é lena gceanglófar go mbeidh córas dóthanach cartlannaíochta i bhfeidhm sa chomhlacht lena mbaineann. Tá fasach agus múnla araon ar fáil san Acht Rialtais Áitiúil, 1994, le haghaidh cosaint reachtaíochta d'ábhair chartlainne.
- 11.3 — Ní mór scrúdú a dhéanamh ar na cúinsí a bhaineann le comhlachtaí a bhfuil príobháidíú déanta orthu chena féin agus ní mór aon easnaimh a leigheas.
- 11.4 — Ina theannta sin, ní mór imscrúdú a dhéanamh ar chúrsaí cartlainne in eagraíochtaí stát-tionscanta nach bhfuil le príobháidíú faoi láthair agus ní mór nósanna imeachta cartlannaíochta a bhunú i gcás nach bhfuil na nósanna sin ann nó nach bhfuil siad dóthanach.

Ref. 255/1-192

17th June, 1966

The Secretary,
Department of External Affairs.

I have the honour to report on the lecture by Mr. John Garvin arranged in the University of Zürich on 16th June 1966, in commemoration of the 25th Anniversary of the death of James Joyce. Your reference is 339/124.

The occasion was not devoid of excitement since Mr. Garvin's plane which was due at 1.25 p.m. was several hours late, and he only just made Zürich in time to deliver the lecture.

The lecture entitled "Portrait of the Artist in Finnegans Wake", was greeted with immense interest and appreciation and as several of those present remarked afterwards, it was a revelation to foreign readers to hear even a few passages of Finnegans Wake read as their author would have read them, with an Irish voice and with the enjoyment and understanding of one familiar with the Irish literary and folk background of which they were generally a parody. The lecture was frequently interrupted by laughter and it would not be too much to say that many of the students and other people present were fascinated by Mr. Garvin's virtuosity and erudition.

There was long and vigorous applause at the conclusion and Professor Straumann suitably expressed his thanks.

Attached is a copy of the text of Mr. Garvin's lecture. As regards your request for a photograph it is regretted that, although we contacted four Zürich newspapers and also asked the Aer Lingus office in Zürich if they knew of any-

./.

- Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, scéim diolúine d'calaiontóirí, 4.4
Acht Cuanta, 1996, 2.3
Acht Rialtais Áitiúil, 1994, 2.3, 8.3
Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, 1.2, 2.1, 2.4-2.5, 4.2, 4.4
Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, 9.4
An Gúm, taifid, 9.2
Ard-Aighne, Oifig an, taifid, 9.2
- Bainistiú taifead i Ranna Rialtais, 9.4
Biúró Staire Míleata, taifid, 4.2
- Cartlann Mhíleata
 cuairt na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta uirthi, 4.2
 gá le cóiríocht nua, 4.2
- Cartlann Náisiúnta
 aistriú taifead Rann Rialtas, 9.1-9.4; 10.1-10.3
 áitreabh, 5.1-5.5
 bunú, 1.1
 foireann, 6.1-6.2
 Plean Straitéiseach, 1996-2001, 7.1
 réamhthaispeántas taifead Roinne do na meáin, 10.1-10.3
 seirbhísí do léitheoirí agus cianseirbhísí, 7.1-7.2
 taispeántais, 7.2
- Cartlannaithe, oiliúnt agus forbairt ghairmiúil, 4.3
Comhairle um an gCartlann Náisiúnta
 bunú agus feidhmeanna, 2.1-2.5
 comhaltas, 3
 cruinniú leis an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, 4.5
 cuairt ar an gCartlann Mhíleata, 4.2
 gníomhachtaí, 4.1-4.5
 seimineár faoi ábhair chartlainne rialtais áitiúil, 8.1-8.2
- Comhlachtaí Stát-tionscanta, taifid, 11.1-11.4
Comhshaol agus Rialtas Áitiúil, an tAire, 2.3
Comhshaol agus Rialtas Áitiúil, an Roinn, taifid, 9.2
- Ealaíona, Oidhrecht, Gaeltacht agus Oileán, an tAire, 2.2-2.4, 4.5
- Fiontair, Trádáil agus Fostaíocht, an Roinn, taifid, 9.1
- Muir agus Achmhainní Nádúrtha, an tAire, 2.3
- Oideachas agus Eolaíocht, an Roinn, taifid, 9.2
Oifig na dTaifead Poiblí, 1.1
Oifig na Stát-Pháipéar, 1.1
- Talmhaíocht, Bia agus Forbairt Tuaithe, an Roinn, taifid, 9.4
- Taoiseach, Roinn, taifid, 10.1
- Údaráis áitiúla, taifid, 8.1-8.3